Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Feabhra 2024**
**(OR. en)**

**5944/24**

**SOC 56**
**EMPL 36**
**ILO 6**
**ONU 13**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Rannpháirtíocht an Choimisiúin thar ceann an Aontais sa Chomhghuaillíocht Dhomhanda um Cheartas Sóisialta<br>– Údarú *chun ionstraim neamhcheangailteach a shíniú* |

1. I mí na Samhna 2023, d'fhormhuinigh Comhlacht Rialaithe na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) d'aon toil an Chomhghuaillíocht Dhomhanda um Cheartas Sóisialta (CDCS). Is é is aidhm don tionscnamh seo comhar iltaobhach agus comhpháirtíochtaí a chur chun cinn lena saothraítear cuspóir uileghabhálach an cheartais shóisialta agus obair chuibhiúil do chách a chur chun tosaigh.

2. An 24 Samhain 2023, d'iarr EIS ar an gCoimisiún a bheith rannpháirteach, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Chomhghuaillíocht Dhomhanda um Cheartas Sóisialta[1].

3. I bhfianaise chineál deonach agus neamhcheangailteach CDCS, agus na rialacha mionsonraithe le haghaidh rannpháirtíochta, measadh go raibh nós imeachta ionstraime neamhcheangailtí iomchuí.

[1] 5499/24 - ADD1

4. Mar chéad chéim i nós imeachta ionstraime neamhcheangailtí, an 18 Nollaig 2023, chuir an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas go foirmiúil i nóta[2] go raibh rún aige dul i mbun plé d'fhonn a bheith ina chomhpháirtí thar ceann an Aontais sa Chomhghuaillíocht Dhomhanda um Cheartas Sóisialta. Pléadh rún an Choimisiúin ag cruinniú den Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta an 8 Eanáir 2024. Ba dhíol sásaimh rún an Choimisiúin do na toscaireachtaí.

5. An 16 Eanáir 2024, chuir an Coimisiún na toscaireachtaí ar an eolas, i nóta[3], go raibh rún aige litir a shíniú ag freagairt go dearfach don chuireadh ó EIS.

6. Bhí dréachtlitir ag gabháil leis an nóta[4]. Trí bhíthin na dréachtlitreach sin, lena leagtar béim ar thiomantas an Aontais don cheartas sóisialta, ghlacfadh an tAontas le Téarmaí Tagartha CDCD[5] agus leagfadh sé amach réimsí féideartha comhair maidir le haghaidh a thabhairt ar an neamhionannas, cearta saothair a bhaint amach, deiseanna fostaíochta a leathnú, cosaint a sholáthar, aistrithe córa a neartú, agus idirphlé sóisialta a threisiú.

7. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Sóisialta an 25 Eanáir, i gcomhréir leis na socruithe maidir le hionstraimí neamhcheangailteacha (an dara céim de nós imeachta ionstraime neamhcheangailtí), thíolaic an Coimisiún a nóta, a dhréachtlitir, agus na Téarmaí Tagartha ina leagtar amach cuspóir agus rialachas na Comhghuaillíochta Domhanda um Cheartas Sóisialta.

8. Ag an gcruinniú, shoiléirigh an Coimisiún nach bhforchuireann a rannpháirtíocht sa Chomhghuaillíocht Dhomhanda um Cheartas Sóisialta thar ceann an Aontais Eorpaigh aon oibleagáidí nua riaracháin ná airgeadais ar Bhallstáit an Aontais, ná ní chuireann sé cosc ar Bhallstáit an Aontais dul isteach in CDCS go leithleach astu féin agus a rannchuidiú féin a thabhairt. Ghabh an Coimisiún air féin údarú a lorg ar dtús ón gComhairle, dá mba mhian leis rannchuidiú le CDCS le tionscadal nach dtagann faoi cheann de na tosaíochtaí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an litir, a pléadh sa Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta.

[2] 17057/23
[3] 5491/24
[4] 5499/24
[5] 5499/24 – ADD2

9. Chuir na toscaireachtaí go léir a dtuairimí in iúl maidir leis an dréachtlitir lena bhfuil rún ag an gCoimisiún freagra a thabhairt ar an gcuireadh ó EIS, agus níor chuir aon cheann acu ina coinne.

10. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an Coimisiún a údarú le bheith rannpháirteach thar ceann an Aontais mar chomhpháirtí sa Chomhghuaillíocht Dhomhanda um Cheartas Sóisialta agus freagra a thabhairt ar an gcuireadh ó EIS leis an litir mar a leagtar amach í san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

11. Tuigtear go bhfuil údarú an Choimisiúin a bheith rannpháirteach thar ceann an Aontais mar chomhpháirtí sa Chomhghuaillíocht Dhomhanda um Cheartas Sóisialta gan dochar do na nósanna imeachta atá le leanúint ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear go bhféadfadh an Chomhairle a bheith rannpháirteach mar institiúid ceaptha beartas, dá nglacfaí aon tionscnamh sonrach i gcomhthéacs CDCS.

**IARSCRÍBHINN**

Brussels, XX/01/2024

Dear Director General,

Thank you very much for your letter dated 24 November 2023 addressed to President Ursula von der Leyen in which you invite the European Commission to join the Global Coalition for Social Justice, a voluntary platform to increase political commitment on advancing social justice. This initiative comes at a crucial time for ensuring just transitions and the upholding of labour rights around the globe. It is a common task for the international community to achieve the goals of the UN Agenda 2030 for Sustainable Development, and the Coalition will certainly help to advance this objective.

I am therefore pleased to inform you that **the European Commission, on behalf of the European Union,** shares the political commitment to advance social justice globally and has decided to become a **partner of the Global Coalition for Social Justice.**

As you know, the European Union is a strong proponent of decent work and social inclusion, both within its borders and worldwide. We stand ready to deepen our close cooperation to advance social justice and to explore new collaborative avenues with other partners, based on the voluntary and non-binding nature of the initiative. The EU will also continue to advocate the importance of including social justice, as well as fair and just transitions, in all relevant discussions at international level and in multilateral fora.

We welcome the areas of immediate action highlighted in your Terms of Reference, in particular the need to: address inequality, discrimination and exclusion; realise labour rights; provide protection and build resilience; and reinforce institutions of social dialogue. I believe our ongoing collaboration, including through various projects (outlined in an annex to this letter), provides a solid base for furthering the objectives of the Coalition, which are fully in line with the European Pillar of Social Rights and are well reflected and pursued in our current policies

Finally, allow me to underline my appreciation for the knowledge-sharing aspect of the Coalition, as this is crucial to fully understand the challenges and complexity of social justice.

Please do not hesitate to contact my services in the Directorate-General for Employment, Social Affairs and Inclusion who will be the contact point for this initiative (Laura CORRADO, Head of Unit laura.corrado@ec.europa.eu or EMPL-E3-UNIT@ec.europa.eu).

I look forward to contributing to the Global Coalition for Social Justice and allow me to express my gratitude for your personal leadership and vision on this initiative.

Yours sincerely,

Nicolas Schmit

# IARSCRÍBHINN

**Réimsí féideartha comhair faoin gComhghuaillíocht Dhomhanda um Cheartas Sóisialta**

I gcomhréir leis na réimsí tosaíochta a chuirtear i láthair sna Téarmaí Tagartha, shainaithin an Coimisiún Eorpach na bealaí seo a leanas le haghaidh comhar agus rannchuidiú féideartha leis an gComhghuaillíocht, faoi réir tuilleadh plé le do chuid oifigí agus ar an tuiscint go bhféadfadh tosaíochtaí teacht chun cinn ar an dá thaobh.

Tosaíocht 1 — 'Aghaidh a thabhairt ar neamhionannas, idirdhealú agus eisiamh': tionscnaimh arb é is aidhm dóibh neamhionannais ilghnéitheacha a laghdú agus foréigean agus ciapadh a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu.

Tosaíocht 2 — 'Cearta saothair a fhíorú mar chearta an duine, dínit an duine a áirithiú agus freastal ar bhunriachtanais': is é sin croílár ár dtionscadal maidir le slabhraí soláthair, arb é is aidhm dóibh todhchaí inbhuanaithe na hoibre a bhaint amach, dícheall cuí na hinbhuanaitheachta corparáidí a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus deireadh a chur le saothar leanaí.

Tosaíocht 3 — 'Rochtain agus cumais a leathnú le haghaidh fostaíochta atá táirgiúil agus a roghnaítear go toilteanach agus le haghaidh fiontair inbhuanaithe': tionscadail maidir le todhchaí na hoibre, fostaíocht don aos óg a chur ar bhonn foirmiúil, nó tacú léi, agus infheistíocht i scileanna, agus cláir maidir le himirce lucht saothair in earnáil na hiascaireachta i measc nithe eile.

Tosaíocht 4 — 'Cosaint a sholáthar agus athléimneacht a chothú': tacaíonn an Coimisiún Eorpach le córais náisiúnta um chosaint shóisialta chuimsitheacha trí thionscadail éagsúla.

Tosaíocht 5 — 'Aistrithe córa agus gné shóisialta na forbartha inbhuanaithe, na trádála agus na hinfheistíochta a neartú': comhthionscadal maidir le haistriú cóir sna próisis aeráide.

Tosaíocht 6 — 'Institiúidí an idirphlé shóisialta a neartú': le tionscadail maidir le hobair chuibhiúil a chur chun cinn i slabhraí soláthair trí idirphlé sóisialta earnála agus trí chomhar le tionscnamh an Chomhaontaithe Dhomhanda, leagtar béim ar ár dtiomantas don idirphlé sóisialta lasmuigh dár dteorainneacha.

Thairis sin, aithníonn an tAontas Eorpach nádúr domhanda an cheartais shóisialta agus ionchorpraíonn sé é mar ábhar trasnaí san Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI) um Dhúshláin Dhomhanda.